


Scéalta COVID-19

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na scéalta is deireanaí faoi COVID-19. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, pléigh brí na bhfocal seo leis an duine in aice leat:



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cé mhéad cás nua den víreas a tuairiscíodh?
2. Cé mhéad duine atá in aonad dianchúraim?
3. Cé mhéad duine a chuaigh isteach in ospidéal?
4. Cén fáth a bhfuil imní ar an Dochtúir Cliona Murphy?
5. Cad a léiríonn an fhianaise idirnáisiúnta?
6. Cén fáth a molann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na vacsaíní Pfizer agus Moderna a fháil?

VIFAX 11 Márta 2021
Bunleibhéal

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr faoi ábhar na míre. Cuir d'achóimre i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus aimsigh sampla amháin de gach gné den ghramadach thíos:

Aidiacht shealbhach (*mo chóta, a gúna*):
Saorbhriathar, aimsir láithreach (*feictear, ceannaítear*):
Saorbhriathar, aimsir chaite (*cuireadh, dúnadh*):
An tuiseal tabharthach (*ag an mbord*):
An tuiseal ginideach, iolra (*cearta na mban*):
An modh coinníollach (*dhéanfainn, cheannóidís*):

Ceist 5 Na huimhreacha

1. Scríobh amach na huimhreacha a luadh sa mhír i bhfocail.

437
418
103
20

2. Féach ar amchlár na dtraenacha thíos agus cuirigí na ceisteanna faoi gach traein ar a chéile.

Arrivals		Time 19:50		
Train No	Train Name	A/D	ExpATime	PF No.
11058	Amritsar Dadar Express	A	20:20	4
12556	Gorakhdham Express	A	20:20	7
11077	Jhelum Express	A	20:45	6
12137	Punjab Mail	A	21:15	4
12875	Neelanchal Express	A	21:40	12
13007	Udyan Abha Toofan Exp	A	23:40	2

- Cad í uimhir na traenach *Amritsar Dadar Express*?
- Cén t-am a shroicheann an traein *Amritsar Dadar Express* an stáisiún?
- Cén t-ardán ag a mbeidh an traein *Amritsar Dadar Express*?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil drogall ar dhaoine áirithe vacsaín a fháil? Cad é do thuairim féin faoin scéal?
2. Cad a cheapann tú faoi stampa a fháil ar do phas le léiriú go bhfuil an vacsaín faighte agat? Cén fáth a bhfuil daoine áirithe i gcoinne an choincheapa sin?
3. An fadhb mhór é bréageolas ar na meáin shóisialta, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. <i>básaithe</i>	deceased
2. <i>deimhnithe</i>	confirmed
3. <i>aonad dianchúraim</i>	intensive care unit
4. <i>preasócáid, preasagallamh</i>	press conference
5. <i>cnáimhseoirí</i>	obstetricians
6. <i>údar imní</i>	cause for alarm
7. <i>bréageolas</i>	disinformation
8. <i>ag iompar, torrach</i>	pregnant
9. <i>atáirgeadh</i>	reproduction (atáirgiúlacht a dúradh)
10. <i>sa bhroinn</i>	in the womb

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Aidiacht shealbhach (*mo chóta, a gúna*): ár dtuairisceoir, inár dteannta

Saorbhriathar, aimsir láithreach (*feictear, ceannaítear*): léirítear

Saorbhriathar, aimsir chaite (*cuireadh, dúradh*): tugadh, dúradh

An tuiseal tabharthach (*ag an mbord*): ón Roinn Sláinte, ag an bpreasócáid, ag an bpreasagallamh, ag an Roinn Sláinte

An tuiseal ginideach, iolra (*cearta na mban*): atáirgiúlacht (atáirgeadh) na bhfear

An modh coinníollach (*dhéanfainn, cheannóidís*): go bhféadfaidís

Ceist 5

1. Féach:

437: ceithre chéad tríocha a seacht

418: ceithre chéad a hocht déag

103: céad a trí

20: fiche

2. Féach:

- Cad í uimhir na traenach *Amritsar Dadar Express*?
11058 (aon déag míle, caoga a hocht)

- Cén t-am a shroicheadh an traein *Amritsar Dadar Express* an stáisiún?
20:20 (fiche nóiméad tar éis a hocht um thráthnóna)

- Cén t-ardán ag a mbeidh an traein *Amritsar Dadar Express*?
Ardán a ceathair

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eibhlín Ní Choistealbha

Agus tá ár dtuairisceoir, Caoimhe Ní Laighin, inár dteannta anois ón Roinn Sláinte. A Chaoimhe, 437 cás eile den víreas sa Stát tráthnóna agus gan aon duine eile básaithe. Cad eile a léirítear i bhfigiúirí an lae inniu?

Caoimhe Ní Laighin

Bhuel, mar a deir tú a Eibhlín, níl bás ar bith eile deimhnithe inniu agus 437 cás nua. Tá 418 duine san ospidéal le COVID-19 faoi láthair, 103 acu atá san aonad dianchúraim. Chuaigh 20 duine isteach san ospidéal le COVID-19 le 24 uair anuas.

Eibhlín Ní Choistealbha

Anois, tugadh eolas rithábachtach ansin tráthnóna ag an bpreasócáid a Chaoimhe, maidir le mná atá ag iompar. Cad a dúradh?

Caoimhe Ní Laighin

Bhuel, a Eibhlín, bhí an Dochtúir Cliona Murphy ó Institiúid na gCnáimhseoirí ag labhairt ag an bpreasagallamh anseo sa Roinn Sláinte tráthnóna. Agus dúirt sí gur údar imní dóibh é an méid bréageolais atá á scaipeadh ar na meáin shóisialta agus mar sin de, mar gheall ar dhrochthionchar a bheith ag an vacsaín, ní hamháin ar mhná atá ag iompar, ach ar mhná atá ag iarraidh a bheith torrach, ar an seans a bheadh acu leanbh a iompar san am atá romhainn.

Ar chúrsaí atáirgiúlachta¹ i gcoitinne, dúirt sí nach bhfuil fianaise ar bith ann faoi láthair go ndéanann sé damáiste do na daoine sin. Gur chóir do gach uile dhuine atá in aois atáirgiúlachta an vacsaín a ghlacadh, má fhaigheann siad tairiscint é sin a dhéanamh. Anois, dúirt sí go bhfuil fianaise idirnáisiúnta ann go mbíonn drochthionchar ag COVID-19, anois ní an vacsaín ach an galar é féin, ar atáirgiúlacht² na bhfear. Mar sin, is cóir do gach uile dhuine a fhaigheann tairiscint an vacsaín sin a ghlacadh.

Ar shuíomh idirlín an HSE faoi láthair, deir siad go molann siad Pfizer agus Moderna níos mó ná AstraZeneca mar, ar ndóigh, is vacsaíní neamhbheo atá iontu siúd agus mar sin ní féidearthacht é ar chor ar bith go bhféadfaidís damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn, nó don bplacaint nó aon rud mar sin.

Tá go maith, Caoimhe Ní Laighin ag an Roinn Sláinte dúinn tráthnóna. Go raibh míle maith agat as sin.

¹ *atáirgthe* an leagan caighdeánach, ach cúrsaí torthúlachta atá i gceist aici

² *atáirgeadh* an leagan caighdeánach, ach torthúlacht atá i gceist aici